

SAMSUNG

Samsung Portable SSD T3

Lámhleabhar an Úsáideora

MU-PT250B / MU-PT500B / MU-PT1T0B / MU-PT2T0B

ÁBHAR DLÍTHIÚIL

SÉANADH DLÍTHIÚIL

FORCHOIMEÁDANN SAMSUNG ELECTRONICS AN CEART CHUN TÁIRGÍ, FAISNÉIS AGUS SONRAÍOCHTAÍ A ATHRÚ GAN FÓGRA.

Is chun críoch tagartha amháin iad na táirgí agus na sonraíochtaí a phléitear anseo. Is féidir gach faisnéis a phléitear anseo a athrú gan fhógra, agus is ar an mbunús “IS AMHLAIDH” a thugtar í, gan aon bharántaí d’aon chineál.

Is le Samsung Electronics amháin agus go heisiach í an mhaoin a fhaightear sa cháipéis seo agus gach faisnéis a phléitear anseo. Ní ghéilleann páirtí amháin aon cheadúnas d’aon phaitinn, cóipcheart, mascobair, trádmarc ná aon cheart maoine intleachtúla eile don pháirtí eile leis an gcáipéis seo, trí impleacht, urbhaic nó trí mhodh éigin eile.

Níl táirgí Samsung ceaptha lena n-úsáid i bhfeidhmeanna tacaíochta beatha, cúraim chriticiúil, míochaine, trealaimh shábháilteachta, nó feidhmeanna comhchosúla, mar a bhféadfaí beatha a chailliúint nó díobháil cholanda teacht mar thoradh ar chliseadh táirge, nó i bhfeidhm mhíleata nó cosanta ar bith, nó i soláthar poiblí ar bith lena mbainfeadh téarmaí nó forálacha speisialta.

Déan teagmháil leis an oifig Samsung is gaire duit i gcomhair nuashonruithe nó faisnéise breise faoi táirgí Samsung a fháil. Is lena n-úinéirí féin faoi seach gach ainm branda, trádmarc agus trádmarc cláraithe.

Copyright © 2016 Samsung Electronics Co., Ltd. Gach ceart ar chosaint.

* D'fhéadfaí nach bhfreagraíonn na híomhánna a thaispeánfar sa Lámhleabhar Úsáideora seo leis an táirge iarbhír, agus tá inneachar an lámhleabhair seo faoi réir athraithe gan réamhfhógra.

Samsung Portable SSD T3


Clár na nÁbhar

Cur chun Siúil	1
Céard atá sa Bhosca	1
Riachtanais Córais	1
T3 a úsáid	3
T3 a Úsáid ar Ríomhaire	3
Ceangail le Gléas Móibíleach Android	7
Foláireamh	10
Cóip Cúltaca a dhéanamh de Shonraí Tábhachtacha agus Ráthaíochtaí	10
Ráthaíochtaí maidir le Pasfhocail Dhearmadta	10
Comhlíonadh Caighdeán Sábháilteachta agus Ceangal le Gléasanna Creidiúnaithe	10
Turraing	10
Díchóimeáil, Díobháil agus Baint	10
Úsáid Oiriúintí Dílse	10
An Táirge a Úsáid i dTeocht agus Taise Chuí	10
Ceangal le Gléasanna seachas Ríomhaire agus Gléas Android	11
An Cábla a Dhíphlugáil	11
Scanadh agus nuashonruithe víris	11
An Táirge a Ghlanadh	11
Coimeád as Aimsiú Leanaí, Naíonáin agus Peataí	11
Sonraíochtaí agus Deimhnithe an Táirge	12
Sonraíochtaí an Táirge	12
Deimhnithe	12
FCC (Coimisiún Cumarsáide Cónaidhme)	13
CE (Comhlíonadh Eorpach)	13
WEEE (Dramhaíl Fearais Leictreach agus Leictreonaigh)	14

Cur chun Siúil

Sula n-úsáideann tú Samsung Portable SSD T3 (dá dtagraítear “T3” anseo feasta), léigh an Lámhleabhar Úsáideora seo go mion agus úsáid an táirge ar bhealach cuí sábháilte.

Céard atá sa Bhosca



Samsung Portable SSD T3

Cábla USB 3.1 Cineál-C go Cineál-A

Lámhleabhar Úsáideora agus Deimhniú Baránta

Riachtanais Córais

1. Tacaíocht comhéadain úsáideora USB 3.1 Glúin 1 (5 Gbps) nó USB 3.0 (5 Gbps)

Is caighdeáin comhéadain ionchuir/aschuir é USB (Bus Uilíoch Srathach) chun gléasanna éagsúla a cheangal. Tacaíonn USB 3.1 Glúin 1 (5 Gbps) agus USB 3.0 (5 Gbps), dá ngairtear le chéile “USB 3”, le luas aistrithe suas go 10 n-oiread USB 2.0 (480 Mbps). Bíonn luas aistrithe sonraí T3 optamach le USB 3, d’fhéadfadh úsáid leaganacha níos ísle amhail USB 2.0 agus 1.1 a bheith ina cúis le feidhmíochtaí níos ísle de bharr srianta a bhaineann leis an gcomhéadan.

- * D’fhéadfadh leibhéal éagsúla feidhmíochta a bheith i gceist ag brath ar chóras gach úsáideora, fiú agus iad ag úsáid nasc USB 3.0. D’fhéadfaí nach mbeidh feidhmíocht T3 go maith mura bhfuil tacaíocht ann do UASP (Prótacal ceangailte SCSI USB). Cinntigh go dtacaíonn an córas lena bhfuil T3 nasctha le UASP.

2. Córais Oibriúcháin a Mholtar chun Bogearraí Slándála a Úsáid

- Windows OS: Windows 7 nó níos airde
- Mac OS: Mac OS X 10.7 nó níos airde
- Android: Android KitKat (leag. 4.4) nó níos airde

3. Formáidí comhaid

Tá T3 formáidithe de réir an fhormaid comhaid exFAT chun tacú le Windows OS, Mac OS, agus na córais oibriúcháin Android is déanaí.

D'fhéadfadh léamh/scríobh sonraí le haghaidh formáidí comhaid a bheith éagsúil ag brath ar an OS Má úsáideann tú T3 ar OS amháin, moltar duit an T3 a fhormaidíú de réir na formáide cuí comhaid le haghaidh an OS sin.

(e.g.) Srianata léimh/scríofa le haghaidh formáidí comhaid a bhaineann le gach córas oibriúcháin

Formáidí comhaid	Windows OS	Mac OS
exFAT	Léamh agus scríobh araon	Léamh agus scríobh araon
NTFS	Léamh agus scríobh araon	Inléite amháin
HFS	Neamhaitheanta	Léamh agus scríobh araon

* Nuair a úsáidtear exFAT thar córais éagsúla oibriúcháin, d'fhéadfadh scríobh sonraí a bheith glasáilte agus seans nach bhféadfaidh tú ach sonraí a léamh. Má thagann tú ar fhadhb dá leithéid, féadfaidh tú rochtain chun scríofa a athchur ach na treoracha thíos a leanúint.

- Mac OS: Ceangail T3 leis an Mac arís, agus Eject.
- Windows OS: San fhuinneog fógra a thaispeántar nuair a bhíonn rochtain scríofa díchumasaithe, cliceáil ar “Scan agus deisigh” chun Seiceáil an Diosca a dhéanamh (CHKDSK). Más amhlaidh gur dhún tú an fhuinneog, is féidir leat Seiceáil Diosca a dhéanamh tríd an tiomántán a roghnú → Deaschliceáil → Airíonna → Uirlisí → cliceáil ar Seiceáil.

4. Toilleadh an T3 a thaispeántar ar an gcóras

Nuair a bhíonn T3 nasctha le ríomhaire, d'fhéadfaí nach ionann toilleadh an chórais, agus an toilleadh atá marcáilte ar an táirge, ag brath ar fhormaid, ar dheighilt agus ar chóras ríomhaire an tiomántáin.

* e.g.: Windows OS

Déantar an toilleadh atá marcáilte ar an táirge a áireamh mar a shonraítear thíos.

1 MB = 1,000,000 beart / 1 GB=1,000,000,000 beart / 1 TB=1,000,000,000,000 beart

T3 a úsáid

T3 a Úsáid ar Ríomhaire

1. Ceangal a dhéanamh le ríomhaire

Ceangail T3 le ríomhaire deisce nó le ríomhaire glúine trí phort USB.

2. Pasfhocal a shocrú, logáil isteach agus na socruithe a athrú ar ríomhaire

A. Na bogearraí a rith

Sa Taiscéalaí (Windows OS) nó Desktop (Mac OS), roghnaigh an deilbhín T3 Security Enabler.

Windows OS



T3 Security Enabler for Windows.exe

Mac OS



T3 Security Enabler for Mac.app

- * Má dhéanann tú an T3 a fhoráidíú tar éis é a cheannach, scríofar na bogearraí a stóráiltear ar an tiomántán. I gcásanna mar sin, is féidir leat na bogearraí T3 Security Enabler a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin Samsung <http://www.samsung.com/samsungssd> chun pasfhocal a shocrú.


B. Pasfhocal a shocrú

Lean na treoracha ar gach scáileán de na bogearraí chun pasfhocal a shocrú. Nuair a aontaíonn tú le téarmaí agus coinníollacha na mbogearraí, féadfaidh tú na céimeanna seo a leanas a ghlacadh chun pasfhocal a shocrú. (Beidh comhpháirteanna áirithe bogearraí suiteáilte ar ríomhaire an úsáideora chun na feidhmeanna pasfhocail a úsáid ag ar mhaithe leis an úsáideoir.)

Scáileán socraithe pasfhocail



An chéad scáileán



Socraigh pasfhocal le haghaidh Samsung Portable SSD



Scáileán achoimre



Athainmnigh an tiomántán (roghnach)

- * I gcomhair Mac OS, tá tiománaithe SAT suiteáilte chun feidhmeanna slándála agus bogearraí eithne a fheidhmiú chun an fhuinneog logála isteach a thaispeáint go huathoibríoch nuair a bhíonn T3 nasctha leis an ríomhaire. Mura bhfuil an tiomántán suiteáilte, féach na treoracha SAT maidir le tiománaithe a shuiteáil agus suiteáil é. Agus é suiteáilte, dícheangail agus athcheangail an T3 lena chinntiú gur éirigh leis an tsuiteáil.

- * Ní bheidh an monaróir ná an miondíoltóir freagrach as aon chailteanas sonraí úsáideora de bharr pasfhocail dearmadta nó goidte. Má dhéanann tú dearmad ar an bpassfhocal, féadfar socruithe monarchan an T3 a athchur trí sheirbhís ar líne tríd an Ionad Seirbhíse Samsung. Ach caillfear na sonraí úsáideora go léir tríd an bpróiseas seo. Má tá cosaint pasfhocail cumasaithe agat, bí cúramach gan dearmad a dhéanamh ar an bpassfhocal agus gan é a chailliúint.

C. Logáil isteach

Má tá cosaint pasfhocail cumasaithe agat, taispeántar leathanach logála isteach nuair a cheanglaíonn tú an T3 le ríomhaire. Ní mór duit an pasfhocal a iontráil agus an cnaipe Log in a bhrú chun rochtain a fháil ar na sonraí.



- * Ag brath ar an timpeallacht úsáideora, b'fhéidir nach dtaispeánfar an fhuinneog logála isteach go huathoibríoch. I gcás mar sin, cliceáil faoi dhó ar an deilbhín bogearraí T3 in Explorer ar Windows nó ar an Desktop ar Mac OS.
- * Ní thacaítear le cosaint pasfhocail ach amháin i leaganacha áirithe de gach OS nó níos airde. Seiceáil na riachtanais córais sula ndéanann tú cosaint pasfhocail a chumasú.
- * Más rud é go bhfuil cosaint pasfhocail cumasaithe, ní thaispeántar ach an deighilt slándála den T3 ar dtús. In Windows 7, níl ach thart ar 120 - 128 MB ar fáil don spás sin. A luaithe is a iontrálann tú an pasfhocal agus an logáil isteach go rathúil, taispeánfar toilleadh iomlán an T3 i do chóras.

D. Socruithe a athrú


- Bogearraí a rith chun socruithe a athrú ar Windows OS

Is féidir leat socruithe an T3 a athrú trí chliceáil ar an deilbhín tráidire T3 (⚙️) ar an ríomhaire ar a bhfuil bogearraí slándála T3 suiteáilte. Má úsáideann tú ríomhaire gan bogearraí slándála, is féidir leat "T3 Security Enabler.exe" a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin Samsung (<http://www.samsung.com/samsungssd>) agus é a shuiteáil chun na socruithe a athrú.

- Bogearraí a rith chun socruithe a athrú ar Mac OS




Is féidir leat socruithe an T3 a athrú trí chliceáil ar an deilbhín tráidire T3 (⚙️) ar dheasc an ríomhaire ar a bhfuil T3 Security Software suiteáilte. Má úsáideann tú ríomhaire gan bogearraí slándála, is féidir leat "T3 Security Enabler.app" a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin Samsung (<http://www.samsung.com/samsungssd>) agus é a shuiteáil chun na socruithe a athrú.

- * Cur síos ar na scáileáin is tábhachtaí chun socruithe a athrú
 - Scáileán baile: Taispeánann seo stádas an táirge ceangailte. Má tá níos mó ná aonad amháin T3 nasctha, is féidir leat na socruithe a athrú trí cheann de na haonaid a roghnú ar an scáileán baile agus dul isteach sa scáileán Próifíle.





Léirítear stádas gach T3 trí cheann de na trí dheilbhín thíos ag brath ar na socruithe pasfhocail.

Táscairí stádais slándála T3 ar an scáileán Baile


Stádas		Cur síos
Unprotected		Seo nuair a bhíonn cosaint pasfhocail díchumasaithe. Is féidir leat dul chuig an scáileán Próifíle agus na socruithe a athrú trí chliceáil ar an deilbhín Socruithe () ar an tráidire córais.
Unlocked		Seo nuair a bhíonn cosaint pasfhocail cumasaithe agus an úsáideoir logáilte isteach. Is féidir leat dul chuig an scáileán Próifíle agus na socruithe a athrú ach clliceáil ar an deilbhín ()
Locked		Seo nuair a bhíonn cosaint pasfhocail cumasaithe, ach gan an t-úsáideoir logáilte isteach. Is féidir leat dul chuig an scáileán logála isteach ach clliceáil ar an deilbhín ()

Conas teacht ar an scáileán Baile

OS ríomhaire	Cur síos
Windows OS	Roghnaigh an deilbhín tráidire T3 () , deaschliceáil, agus roghnaigh Oscail chun teacht ar an scáileán Baile.
Mac OS	Clliceáil ar an deilbhín T3 () ar an Desktop chun teacht ar an scáileán Baile.


- Scáileán próifíle: Taispeánann seo sonraí an táirge T3 ceangailte. Is féidir leat an t-ainm, an pasfhocal agus an stádas cosanta pasfhocail a athrú ón scáileán Próifíle. Taispeántar an stádas cosanta pasfhocail mar a léirítear thíos.

Má tá pasfhocal socruithe



- * Mura bhfuil an pasfhocal socraithe, taispeántar “Security” mar “Disabled” agus ní thaispeántar “Password” ar an scáileán.

Conas teacht ar an scáileán Próifíle

Roghnaigh an deilbhín tráidire T3 (), deaschliceáil, agus roghnaigh an táirge faoin roghchlár Socruithe nó téigh chuig an scáileán Baile agus roghnaigh an t-aonad T3 chun an scáileán Próifíle a rochtain.

3. Bain den ríomhaire go sábháilte

Agus an T3 á dhícheangal ón ríomhaire, úsáid an ghné Bain crua-earraí go sábháilte chun do chuid sonraí a chosaint, chomh maith le haon damáiste don táirge.

- * D'fhéadfadh cailteanas sonraí nó damáiste don táirge a dhéanamh má dhíphlugáiltear é ón ríomhaire gan Bain crua-earraí go sábháilte a dhéanamh. Bí cinnte an ghné Bain crua-earraí go sábháilte a úsáid i gcónaí. Ní bheidh an monaróir ná an miondíoltóir freagrach as aon chailteanas sonraí úsáideora ná damáiste don táirge de bharr aon earráid a dhéanann an t-úsáideoir.

Crua-earraí a bhaint go sábháilte le OS ríomhaire

OS ríomhaire	Cur síos
Windows OS	Agus Bain crua-earraí go sábháilte roghnaithe ón tráidire, roghnaigh an gléas is mian leat a bhaint agus cliceáil ar Díchuir. Nuair a bheidh an gléas bainte go sábháilte, gheobhaidh tú fógra ón OS. Bain an cábla nuair a thagann dath dearg ar an táscaire gníomhaíochta LED ar an táirge agus nuair a chastar as é.
Mac OS	Deaschliceáil ar an deilbhín T3, agus roghnaigh Eject nó tarraing an deilbhín chuig Trash chun an táirge a bhaint go sábháilte. Bain an cábla nuair a thagann dath dearg ar an táscaire gníomhaíochta LED ar an táirge agus nuair a chastar as é.

Ceangail le Gléas Móibíleach Android

1. Ceangail le gléas móibíleach Android (dá ngairtear “gléas Android”)

Is le haghaidh úsáid leis an ríomhaire is mó a cheaptar T3 Agus toisc go n-úsáideann gléasanna Android cineálacha éagsúla nascóirí USB, ní mór an cuibheoir cuí le haghaidh gach gléis a cheannach ar leithligh.

Tar éis duit an cuibheoir cuí a cheannach, ceangail an T3 le port USB do ghléis Android.

- * Sula gceanglaíonn tú an T3, déan cinnte go bhfuil an gléas Android ag rith KitKat (Leagan 4.4) nó níos airde. Fiú má chomhlíonann leagan OS an ghléis na riachtanais, d'fhéadfadh srianta a bheith i gceist le húsáid T3 ag brath ar an timpeallacht córais.


2. Pasfhocal a shocrú, logáil isteach agus na socruithe a athrú ar Android

Tar éis duit T3 a nascadh le gléas Android, is féidir tascanna éagsúla a dhéanamh agus na sonraí á n-aistriú idir T3 agus an gléas Android devic. Má tá pasfhocal socraithe agat chun sonraí fogaire a chosaint ar an T3, is féidir leat an feidhmchlár de chuid Samsung “Portable SSD” a shuiteáil chun an feidhm slándála pasfhocail a úsáid.

A. Feidhmchlár Móibíleach de chuid Samsung “Portable SSD” a Shuiteáil agus Pasfhocal a Shocrú

Suiteáil an feidhmchlár trí “Samsung Portable SSD” a chuardach ar Google Play. Tar éis duit an feidhmchlár móibíleach a shuiteáil, lean na treoracha ar an scáileán chun pasfhocal a shocrú.


- * Ní mór duit aontú leis na Téarmaí & Coinníollacha chun pasfhocal a shocrú agus an feidhmchlár móibíleach a úsáid.



De réir réamhshocrú, tugtar Samsung T3 ar an táirge sna bogearraí. Más mian leat é a athainmniú, is féidir leat an cnaipe Change a roghnú chun é sin a dhéanamh.




Nuair a bheidh an gléas athainmnithe, taispeánfar scáileán chun an bainisteoir comhaid is fearr leat a roghnú ar an ngléas Android ar mhaithe leis an úsáideoir. Nuair a bheidh bainisteoir comhaid roghnaithe agat, taispeánfar é sin nuair a dhéantar oibríochtaí bainisteora comhaid a bhaineann leis an bhfeidhmchlár móibíleach T3.




B. Logáil isteach

Má tá pasfhocal socraithe ar an T3, ní mór an feidhmchlár móibíleach a shuiteáil chun logáil isteach. Má shuiteáiltear an feidhmchlár, taispeántar an scáileán logála isteach nuair a bhíonn an T3 nasctha. Mura dtaispeántar an scáileán logála isteach, oscail an feidhmchlár chun an scáileán logála isteach a thaispeáint.




C. Socruithe a athrú


- Athainmniú: Tapáil an ">" taobh le "Name" chun an scáileán athainmnithe a thaispeáint.



- Change pasfhocal: Tapáil an “>” taobh le “Password” chun an scáileán athraithe pasfhocail a thaispeáint.



- Cumasaigh/díchumasaigh cosaint pasfhocail: Tapáil “>” taobh le “Security” chun an scáileán socrúithe a thaispeáint.



3. Bain de ghléas Android go sábháilte

San Amharc fógraí ar bharr an ghléis Android, tapáil “Bain ollstóras go sábháilte” chun T3 a dhícheangal den ghléas Android go sábháilte.

- * Agus an T3 á dhícheangal ón ríomhaire, úsáid an ghné baint crua-earraí go sábháilte chun do chuid sonraí a chosaint, chomh maith le haon damáiste don táirge. Fiú má thaispeánann an tAmharc fógraí go bhfuil an t-aistriú sonraí críochnaithe, d’fhéadfadh cailteanas sonraí nó damáiste don táirge tarlú má dhíphlugáiltear T3 den ghléas Android gan é a bhaint go sábháilte. Ní bheidh an monaróir ná an miondíoltóir freagrach as aon chailteanas sonraí úsáideora ná damáiste don táirge de bharr aon earráid a dhéanann an t-úsáideoir.

Foláireamh

D'fhéadfadh gortú, damáiste don táirge nó cailteanas sonraí tarlú má theipeann ort na rabhaidh i ngach cuid den lámhleabhar seo a leanúint. Léigh go cúramach sula n-úsáideann tú an táirge.

Cóip Cúltaca a dhéanamh de Shonraí Tábhachtacha agus Rátháíochtaí

Ní thugann Samsung Electronics aon rátháíocht i dtaobh na sonraí a stóráiltear ar an T3 ar chúinse ar bith. Séanann Samsung Electronics aon fhreagracht as díobháil nó cailteanas síciatrach agus/nó colanda de thoradh cailteanas nó aischur sonraí a stóráiltear ar an T3. Bí cinnte sonraí tábhachtacha a chóipeáil le cúlta a i gcónaí.

Rátháíochtaí maidir le Pasfhocail Dhearmadta

Ní féidir rochtain a fháil ar sonraí úsáideora má chailltear an pasfhocal óir go mbaintear leas as ardteicneolaíocht criptiúcháin sa T3. Scríobh síos an pasfhocal agus stóráil é in áit shábháilte. Más amhlaidh nach féidir an táirge a úsáid toisc go bhfuil an pasfhocal dearmadta, féadfar socruithe monarchan a athchur trí sheirbhís ar líne de chuid Ionad Seirbhíse Samsung. Ach caillfear na sonraí úsáideora go léir nuair a dhéantar na socruithe monarchan a athchur, chomh maith leis an bpasfhocal a athshocrú. Bí cinnte sonraí tábhachtacha a chóipeáil le cúlta go rialta.

Comhlíonadh Caighdeán Sábháilteachta agus Ceangal le Gléasanna Creidiúnaithe

Ceapadh an táirge seo chun teorainneacha maidir le cumhacht a chaitheamh a chomhlíonadh de réir caighdeán sábháilteachta. Úsáid gléasanna agus poirt USB atá ag teacht leis na caighdeáin ghaolmhara.

Turraing

Cuir cosc ar aon turraing mhór don táirge. D'fhéadfadh sin a bheith ina cúis le mífheidhmiú nó cailteanas sonraí.

Díchóimeáil, Díobháil agus Baint

Ná díchóimeáil an táirge agus ná déan díobháil agus ná bain aon ghreamáin ná lipéid den táirge. Más amhlaidh go ndearnadh an táirge a dhíchóimeáladh nó más amhlaidh gur bhain an t-úsáideoir an lipéad, beidh gach rátháíocht neamhbhailí. Téigh i dteagmháil i gcónaí le hionad seirbhíse Samsung chun deisiúcháin a fháil.

Úsáid Oiriúintí Dílse

Úsáid baill agus oiriúintí dílse i gcónaí arna soláthar nó arna gcreidiúnú ag Samsung Electronics. Ní bheidh an monaróir ná an miondíoltóir freagrach as aon díobháil don táirge ná cailteanas sonraí úsáideora de dheasca baill nó oiriúintí neamhdhílse a úsáid.

An Táirge a Úsáid i dTeocht agus Taise Chuí

Úsáid an táirge seo i dtimpeallacht chuí: teocht idir 5°C - 35°C agus taise idir 10 - 80%.

Ceangal le Gléasanna seachas Ríomhaire agus Gléas Android

Seiceáil na coinníollacha agus na modhanna cuí sa treoir maidir le ceangal USB a ghabhann leis an ngléas is mian leat a nascadh leis an T3 sula n-úsáideann tú é. D'fhéadfadh mífheidhmiú an T3 agus an ghléis cheangailte a bheith mar thoradh ar idirghabháil gan choinne. D'fhéadfaí nach dtacódh an gléas le T3, ag brath ar na córais formáide comhaid lena dtacaíonn an gléas agus timpeallachtaí córais éagsúla. Seiceáil na riachtanais ollstórais USB lena dtacaíonn an gléas sula n-úsáideann tú an T3.

An Cábla a Dhíphlugáil

Ná húsáid an lámh láidir agus tú ag tarraingt nó ag díphlugáil an chábla. D'fhéadfadh ceangal neamhchobhsaí nó díobháil don nascóir a bheith mar thoradh air sin.

Scanadh agus nuashonruithe víris

Lean na treoracha sábháilteachta chun ionfhabhtuithe víris a chosc.

- Suiteáil ríomhchlár frithvíris ar an ríomhaire nó an gléas Android a bhfuil an T3 ceangailte leis, agus déan scan víris go rialta.
- Nuashonraigh an córas oibriúcháin agus na bogearraí frithvíris leis an leagan is déanaí i gcónaí.
- Déan scan víris go rialta chun an T3 a chosaint ó ionfhabhtú víris.
- Tar éis comhaid a íoslódáil chuig T3, déan scan víris sula n-osclaíonn tú an comhad.

An Táirge a Ghlanadh

Moltar duit an táirge a chuimilt le héadach bog lena ghlanadh, agus sin amháin. Ná húsáid uisce, substaintí ceimiceacha ná glantach. D'fhéadfadh na nithe sin a bheith ina gcúis le dídhathú nó creimeadh ar dhreach an táirge, agus tine nó turraing leictreach.

Coimeád as Aimsiú Leanaí, Naíonáin agus Peataí

Tá baol plúchta ag gabháil le páirteanna beaga. Coimeád an táirge as aimsiú leanaí, naíonán nó peataí ar eagla go gcuirfidís na táirge nó baill de sa bhéal. Má tá leanbh ag úsáid an táirge, mínigh leis conas an táirge a úsáid i gceart agus coinnigh súil air lena chinntiú go n-úsáidtear i gceart é.

Sonraíochtaí agus Deimhnithe an Táirge

Sonraíochtaí an Táirge

Múnla	MU-PT250B	MU-PT500B	MU-PT1T0B	MU-PT2T0B
Toilleadh	250 GB	500 GB	1 TB	2 TB
Comhéadan	USB 3.1 Gen 1, (5 Gbps), USB 3.0, USB 2.0			
Luas Aistrithe Sonraí	Suas le 450 MB/s			
Toisí	74 x 58 x 10.5 mm			
Meáchan	51 g (Múnla 2 TB)			
Sonraíochtaí Inmholta le haghaidh Chóras an Úsáideora	Windows 7 nó níos airde, Mac OS X 10.7 nó níos airde, Android OS KitKat (Leagan 4.4) nó níos airde			

* Déantar an t-uasluas aistrithe sonraí a thomhas ar bhonn chaighdeáin thástála inmheánacha Samsung. D'fhéadfadh an fheidhmíocht a bheith éagsúil ag brath ar thimpeallachtaí an úsáideora

Deimhnithe



KC (Deimhniú ón gCóiré)

Siombail aitheantais: Féach thíos

Ainm: Samsung Electronics Co., Ltd.

Déantúsóir/Tír na déantúsaíochta: Samsung Electronics Co. Ltd /Poblacht na Cóiré

Bliain agus Mí na Déantúsaíochta: Marcáilte ar leithligh

Rátáil/Samhail: Féach thíos

Déantúsóir: SAMSUNG Electronics Co. Ltd

Samhail	Rátáil		Siombail aitheantais
MU-PT2T0B	5 V	0.7 A	MSIP-REM-SEC-MU-PT2T0B
MU-PT1T0B	5 V	0.7 A	MSIP-REM-SEC-MU-PT1T0B
MU-PT500B	5 V	0.7 A	MSIP-REM-SEC-MU-PT500B
MU-PT250B	5 V	0.7 A	MSIP-REM-SEC-MU-PT250B

* Ceapadh an gléas lena gcomhlíontar an EMC (Rang B) don bhaile i gcomhair úsáid i dtimpeallacht baile, agus is féidir é a úsáid i réigiún ar bith.



FCC (Coimisiún Cumarsáide Cónaidhme)

Rialúcháin an Choimisiúin Chumarsáide Cónaidhme (FCC) de chuid na Stát Aontaithe

Tabhair faoi deara go bhféadfadh aon athrú nó mionathrú nach bhfuil údaraithe go sainráite ag an bpáirtí atá freagrach as rialúcháin a chomhlíonadh, údarás an úsáideora chun an gléas a oibriú a chealú.

Rinneadh an feisteas seo a thástáil agus a fhíorú chun FCC CFR Páirt 15, Srianta ar Ghléasanna Digiteacha Rang B a chomhlíonadh.

Cuirtear na srianta seo i bhfeidhm chun astú tonnta leictreamaighnéadacha díobhálacha a sheachaint nuair a úsáidtear an gléas i dtimpeallachtaí cónaithe. Gineann, úsáideann agus astaíonn an gléas fuinneamh radaimhnicíochta, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le trasnaíocht dhíobhálach raidió ar chumarsáidí gan sreanga mura suiteáiltear agus mura n-úsáidtear é de réir na treoirlíne. Ach ní haon ráthaíocht é nach mbeidh trasnaíocht raidió i dtimpeallachtaí áirithe suiteáilte. Má dhéantar trasnaíocht dhíobhálach ar raidió nó glacadh teilifíse agus an gléas casta air nó casta as, ní mór don úsáideoir trasnaíocht a chosc trí ceann de na bearta seo a leanas a ghlacadh.

- Coigeartaigh treo nó bog an aeróg ghlactha
- Cuir tuilleadh spáis idir an gléas agus an glacadóir
- Plugáil an glacadóir agus an gléas ar asraonta ar chiorcaid leithleacha
- Faigh cabhair ó theicneoirí cáilithe raidió/teilifíse nó ón miondóltóir

Déanann an gléas Cuid 15 de Rialacháin an FCC a chomhlíonadh.

Níl an gléas seo

- ina chúis le trasnaíocht leictreamaighnéadach
- Má fhaightear aon trasnaíocht, lena n-áirítear trasnaíocht a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le fadhbanna oibríochtúla leis an ngléas, féadfar é a fheidhmiú ar dhá choinníoll a chinntíonn oibríocht cheart. Rinneadh an táirge a dhearadh le haghaidh úsáid faoi dhíon amháin.

* Fógra ón FCC: Tabhair faoi deara go bhféadfadh aon athrú nó mionathrú nach bhfuil údaraithe go sainráite ag an bpáirtí atá freagrach as rialúcháin a chomhlíonadh, údarás an úsáideora chun an gléas a oibriú a chealú.



CE (Comhlíonadh Eorpach)

Deimhnithe CE an déantúsóra

Déanann an táirge riachtanais agus coinníollach eile 1999/5/CE, 2004/108/CE, 2006/95/CE, 2009/125/CE agus treoirlínte 2011/65/AE a chomhlíonadh. Rinneadh an táirge a dhearadh le haghaidh úsáid faoi dhíon amháin.



WEEE (Dramhaíl Fearais Leictrigh agus Leictreonaigh)

Ciallaíonn an marc ar an táirge, baill agus doiciméadúchán nach féidir an táirge, na hoiriúintí leictreonach (e.g.: luchtairí, gléasanna cinn, cáblaí USB) a chur amach le dramhaíl eile tí. Ar mhaithe le tionchar comhshaoil agus fadhbanna do shláinte an duine de bharr dramhaíl gan srianadh a chosc, déan do chuid ar mhaithe le hathchúrsáil leanúnach acmhainní agus cuir an táirge i leataobh i gcomhair athchúrsála.

Féadann úsáideoirí pearsanta eolas a iarraidh ón miondíoltóir nó ón rialtas áitiúil lena fháil amach conas athchúrsáil a dhéanamh gan dochar a dhéanamh don náisiún.

Féadann úsáideoirí gnó teagmháil a dhéanamh leis an díoltóir agus na téarmaí atá sonraithe sa chomhaontú ceannaigh a sheiceáil.

Ní féidir an táirge seo ná na hoiriúintí leictreonacha a mheascadh le dramaíl eile tráchtála.